



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDU NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN, 20^ú MEITHEAMH 2005 – TRÁTHNÓNA 2.00 i.n. go dtí 5.00 i.n.

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibriúcháin s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntais Chríochnaitheacha Ghnólachta agus Cuntas Déantúsaíochta san áireamh

Ag James Tta., gnólacht déantúsaíochta, tá caipiteal údaraithe de €800,000 atá roinnte i 550,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 8% Scair Thosaíochta ar €1 an ceann.

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a chuid leabhar ar 31/12/2004:

	€	€
Foirgnimh Mhonarchan (Costas €450,000)	405,000	
Gléasra agus Innealra (Costas €260,000)	156,000	
Lascaine (Glan)		4,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailiteanais 1/1/2004		82,300
Stoic ar láimh 1/1/2004		
Earraí Críochnaithe	85,500	
Amhábhair	48,000	
Obair ar Siúl	24,150	
Díolacháin		935,000
Forchostais Ghinearálta Mhonarchan	50,300	
Paitinní	70,000	
Ceannach Amhábhair	450,280	
Díol Dramhábhair		5,500
Fruilliú Trealamh Speisialta	12,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	94,400	57,700
Díbhinní Eatramhacha (6 mhí)	17,000	
Banc		11,450
Pá Díreach Monarchan	198,220	
Bintiúir 9% (€30,000 eisithe ar 1/4/2004 san áireamh)		100,000
CBL		12,730
Scairchaipiteal Eisithe - Gnáthscaireanna		300,000
- Scaireanna Tosaíochta		200,000
Carraireacht ar Amhábhair	5,510	
Speansais Díola	68,420	
Speansais Riaracháin (Fionraí san áireamh)	<u>23,900</u>	
		<u>1,708,680</u>
		<u>1,708,680</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2004: €
- | | |
|---------------------|--------|
| Earraí Críochnaithe | 92,000 |
| Amhábhair | 51,000 |
| Obair idir Lámha | 28,550 |
- San áireamh san fhigiúr d'Earraí Críochnaithe, tá míreanna ar bhain costas de €7,000 len iad a tháirgeadh ach a bhfuil luach díola de €4,500 acu anois.
- (ii) Áirítear san fhigiúr do Dhíol Dramhábhair €1,800 a fuarthas ar dhíol seanmheaisín ar 30/6/2004. Bhí costas de €22,000 ar an meaisín seo ar 1/4/2000. Iontráladh an seic sa chuntas bainc. Ba é sin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair.
- (iii) Tarlaíonn an figiúr d'Fhionraí toisc gur ceadaíodh lascaine €1,000 nár iontráladh ach amháin i gcuntas na bhFéichiúnaithe.
- (iv) Tugadh faoi deara gur íocadh Earraí Críochnaithe, ar bhain costas táirgeachta de €8,000 leo, le custaiméir ar "bhonn díola agus aschuir". Iontráladh na hearraí sin sna leabhair mar dhíol creidmheasa ag costas móide 20%.
- (v) Le linn 2004 thóg James Tta. síneadh leis an monarcha. Rinne fostaithe na cuideachta féin an obair sin. Bhí costas an tsaothair €40,000 in áireamh i bpá na monarchan. Tá costas na n-ábhar a úsáideadh €18,000 in áireamh i gceannacháin. Ní dearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an síneadh seo.
- (vi) Soláthraítear do dhímheas ar Shócmhainní Seasta mar seo a leanas:
 Gléasra agus Innealra – 20% de chostas per annum ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
 Foirgnimh Mhonarchan – 2% de chostas ar 31/12/2004.
- (vii) Tá na Stiúirthóirí ag moladh:
 a) An díbhinn Tosaíochta atá dlite a íoc.
 b) Go mbeadh 9c an scair mar Ghnáthdhíbhinn iomlán don bhliain.
 c) Go ndéanfaí soláthar d'Ús Bintiúir.
 d) Soláthar Cánach Corparáide de €10,000 a dhéanamh.
- (viii) Earraí a aistriú ón monarcha ag Luach Reatha ar an Margadh €800,000.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Déantúsaíochta, Trádála agus Brabúis agus Cailiteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2004. (45)

(120 marc)

2. Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar Creidiúnaithe N. Uí Nualláin na hiarmhéideanna seo a leanas - €62,125 sr agus €772 dr ar 31/12/2004. Níor réitigh siad seo leis an Sceideal (Liosta) d'Iarmhéideanna Creidiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair an t-eolas seo a leanas:

- (i) Iontráladh i gceart sonrasc a fuarthas ó T. Ó Murchú a thaispeáin ceannach earraí ar €1,200 lúide lascaine trádála de 20% sa leabhar lae cuí ach níor breacadh é don chuntas pearsanta.
- (ii) Fuarthas nóta creidmheasa ó sholáthraí ar €277. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair ná €27 a breacadh chun sochair do chuntas creidiúnaí.
- (iii) Ghearr creidiúnaí ús de €85 ar Ó Nualláin ar chuntas thar téarma. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair don ús seo ná €25 a breacadh chun dochair do chuntas an chreidiúnaí. Tar éis gearán ó Ó Nualláin laghdaíodh an muirear seo go €45 ach níor léiríodh an laghdú sin sna leabhair.
- (iv) Breacadh ceannach ar airgead tirim le N. Ó Nualláin de €760 do dhochar cuntas soláthraí.
- (v) Chuir Ó Nualláin earraí €480 ar ais chuig soláthraí agus d'iontráil é seo i gceart sna leabhair. Ach, tháinig nóta creidmheasa a léirigh asbhaint de 10% mar mhuirear athstocála. Breacadh méid iomlán an nóta creidmheasa seo do chuntas an chreidiúnaí ach ní dearnadh iontráil ar bith eile sna leabhair.
- (vi) Lascaine de €170 a cuireadh ar ceal ag soláthraí, cuireadh isteach mar lascaine é ins na leabhair.

Iarrtar ort iad seo a leanas:

- (a) Cuntas Rialúcháin Mórleabhair Creidiúnaithe Coigeartaithe a ullmhú. (24)
 - (b) Sceideal Creidiúnaithe coigeartaithe a ullmhú a léiríonn an t-iarmhéid tosaigh. (30)
 - (c) Míniú cén fáth a n-ullmhaítear Cuntais Rialúcháin Creidiúnaithe. (6)
- (60 marc)**

3. Dímheas ar Shócmhainní Seasta

Ullmhaíonn Tarlú Tréan Tta. a cuid cuntas críochnaitheach go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta ná dímheas a dhéanamh ar a cuid feithiclí de réir 15% dá gcostas per annum áirithe ón dáta ceannaithe go dtí an dáta diúscartha agus an dímheas seo a charnadh i gCuntas Soláthair in Aghaidh Dímheasa.

Ar 1/1/2003, bhí na feithiclí seo a leanas ag Tarlú Tréan Tta:

- Uimh. 1 ceannaithe 1/1/1999 ar €70,000
- Uimh. 2 ceannaithe 1/8/2000 ar €80,000
- Uimh. 3 ceannaithe 1/4/2001 ar €88,000

Ar 1/5/2003, tharla timpist do Fheithicil Uimh. 2 agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicle nua a chosain €90,000. Fuair an chuideachta cúiteamh dar luach €30,000 agus ba é an seic a íocadh ar an bhfeithicil nua ná €75,000. Ar 1/7/2004, trádáladh isteach Feithicil Uimh. 1 ar €24,000 in aghaidh feithicle nua a raibh costas €95,000 uirthi. Feistíodh aonad cuisnithe isteach i bhFeithicil Uimh. 1 ar 1/1/2001 ar chostas €20,000. Rinneadh dímheas ar an aonad cuisnithe de réir 30% dá chostas don chéad dá bhliain agus ina dhiaidh sin de réir ráta de 15% per annum dá chostas.

Iarrtar ort a thaispeáint, maraon leis na hoibriúcháin, do gach ceann den dá bhliain 2003 agus 2004:

- (a) An Cuntas Feithiclí. (6)
 - (b) An Cuntas Diúscartha Feithiclí. (16)
 - (c) An Cuntas Soláthair in Aghaidh Dímheasa. (32)
 - (d) Cad iad na fachtóirí a chuirtear san áireamh chun teacht ar an muirear dímheasa bliantúil? (6)
- (60 marc)**

4. Gnólacht Seirbhíse

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais M. Uí Chathasaigh, fiacloir, ar 1/1/2004:

Ionad Máinliachta €120,000; Trealamh €60,000; Gluaisteán €24,000; Stoc de Sholáthairtí Déadacha €5,400; Dlite ó Scéim Árachais Leighis €5,700; Creidiúnaithe d'Ábhar Déadach €3,200; Infheistíochtaí 5% €80,000; Táillí dlite ó Othair Phríomháideacha €2,100; Caipiteal €219,160.

Is Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2004 é seo a leanas:

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Mh. Uí Chathasaigh don bhliain dar chríoch 31/12/2004

	€		€
Ean. 1 Iarmhéid sa Bhanc	6,760	Ábhair Dhéadacha	14,000
Fáltais ó Othair Phríobháideacha	96,000	Teileafón agus Postas	3,100
Ioncam ó Infheistíocht	3,600	Pá an Fháilteora	15,000
Scéim Árachais Leighis	23,540	Aisioc iasacht €40,000	
Díol Trealamh (costas €18,000)	9,000	ar 1/5/2004 agus	
		ús 3 bliana	43,600
		Trealamh	22,000
		Solas agus Teas	4,000
		Árachas	2,360
		Táillí Teicneora	13,000
		Líníochtaí	18,500
		Noll. 31 Iarmhéid sa Bhanc	3,340
	<u>138,900</u>		<u>138,900</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Ba é an Stoc d'Ábhair Dhéadacha ar 31/12/2004 ná €4,900.
- (ii) Baineann 70% den Solas agus Teas agus den Teileafón agus Postas leis an gcleachtadh déadach. Baineann an chuid eile le húsáid phearsanta.
- (iii) Déan na sócmhainní seasta a dhímheas ar 31/12/2004 mar seo a leanas:

Trealamh	-	20% den chostas.
Ionad Máinliachta	-	2% den chostas.
Gluaisteán	-	20% den chostas.

Nóta: Tugtar sócmhainní seasta ag costas agus rinneadh dímheas orthu a charnadh ar feadh 2 bhliain go dtí 31/12/2003. Níl aon dímheas ar Threalamh a díoladh i mbliain na diúscartha.

- (iv) Is iad na táillí atá dlite ón Scéim Árachais Leighis agus ó Othair Phríobháideacha ná €4,800 agus €1,400, faoi seach.
- (v) Bhí €3,500 i gceist le Creidiúnaithe ar Ábhair Dhéadacha ar 31/12/2004.

Iarrtar ort a ullmhú:

- (a) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (35)
 - (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2004. (25)
- (60 marc)**

ROINN 2 (200 marc)
Freagair DHÁ cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Treal Tta., déantóir trealamh spóirt, don bhliain dar chríoch 31/12/2004.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2004

	€
Díolacháin	950,000
Costais earraí díolta	740,000
Speansais oibriúcháin don bhliain	120,000
Ús don bhliain	<u>18,000</u>
Glanbhrabús don bhliain	72,000
Díbhinní molta	52,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2004	42,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2004	62,000

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2003

Tuilleamh an Ghnáthscair	13c
Díbhinn an Ghnáthscair	7.5c
Cóimheasa Reatha	1.8:1
Mearchóimheas	1.2:1
Luach ar an Margadh an Ghnáthscair	€2
Toradh ar Chaipiteal in Úsáid	9.5%
Toradh ar Chistí Cothromais	12%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2004

	€	
Sócmhainní Doláimhsithe	90,000	
Sócmhainní Inláimhsithe	480,000	
Infheistíochtaí (luach ar an margadh €90,000)	<u>100,000</u>	
		670,000
Sócmhainní Reatha (Stoc ar Deireadh €110,000 san áireamh)	354,000	
Creidiúnaithe Trádála	130,000	
Díbhinní Molta	<u>52,000</u>	<u>172,000</u>
		<u>842,000</u>
Bintiúir 10% (2006/2007)	180,000	
Caipiteal Eisisithe		
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	400,000	
Scaireanna Tosaíochta 8% @ €1 an ceann	200,000	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais	<u>62,000</u>	<u>842,000</u>

Luach Gnáthscair amháin ar an Margadh €2.08

Iarrtar ort iad seo a leanas a fhreagairt:

- (a)
 - (i) An toradh ar chaipiteal in úsáid in 2004.
 - (ii) An stoc tosaigh más é an ráta láimhdeachais ná 8 (bunaithe ar mheánstoc).
 - (iii) Tuilleamh an ghnáthscair in 2004.
 - (iv) Cén fad a thógfadh sé ar ghnáthscair amháin a phraghas ar an margadh 2004 a aisghabháil (ag glacadh leis go gcoinneofar a fheidhmiú reatha)?
 - (v) Cumhdach gnáthdhíbhinne in 2004. (45)
- (b) Abair an mbeadh na gnáth-scarshealbhóirí sásta le feidhmiú, le staid reatha agus lena bhfuil i ndán don chuideachta. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus eolas eile mar thaca le do fhreagra. (40)
- (c) Ba é an céatadán brabúis chomhláin do 2003 ná 32%. Tabhair 5 chúis dhifriúla a d'fhéadfadh a bheith leis an méadú/laghdú in 2004. (15)

6. **Cuntais Fhoilsithe**

Tá Caipiteal Údaraithe de €800,000 ag Gayle Tta. atá roinnte i 600,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 Scair Thosaíochta 9% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a cuid leabhar ar 31/12/2004.

	€	€
Feithiclí ar a gcostas	220,000	
Feithiclí – Dímheas Carn. ar 1/1/2004		33,000
Ioncam ó Infheistíocht		10,000
Foirgnimh ar a gcostas	700,000	
Foirgnimh - Dímheas Carn. ar 1/1/2004		42,000
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	289,000	163,000
Infheistíochtaí 9%	240,000	
Stoc ar 1/1/2004	73,000	
Paitinn ar 1/1/2004	40,000	
Speansais Riaracháin	172,000	
Ceannacháin agus Díolacháin	1,150,000	1,880,000
Ioncam ó Chíosanna		60,000
Bintiúir 8% 2008/2009		200,000
Costais Dáiliúcháin	248,000	
Brabús ar Dhíol Talún		65,000
Banc	48,000	
CBL		71,000
Díbhinní Eatramhacha	24,000	
Brabús agus Caillteanas ar 1/1/2004		52,000
Caipiteal Eisithe		
Gnáthscaireanna		400,000
Scaireanna Tosaíochta		200,000
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		27,000
Ús Bintiúir Íoctha	12,000	
Lascaine		13,000
	<u>3,216,000</u>	<u>3,216,000</u>

Tá an t-eolas seo a leanas ábhartha:

- Is é an stoc ar 31/12/2004 ná €96,000.
- Ceannaíodh an Phaitinn ar 1/1/2000 ar €80,000. Tá sí á hamúchadh thar 8 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh seo le bheith san áireamh i gcostas díolacháin.
- Ar 1/7/2004, fuair na Gnáth-scairshealbhóirí díbhinn eatramhach de €15,000 agus fuair na scairshealbhóirí Tosaíochta €9,000. Molann na stiúrthóirí go n-íocfaí an díbhinn Tosaíochta iomlán atá dlite agus díbhinn deiridh ar Ghnáthscaireanna chun an díbhinn sin a ardú go 7c an scair.
- Déan soláthar do: Ús Bintiúir dlite, Ús Infheistíochta dlite, táillí Iníúcháirí €9,500, táillí Stiúrthóirí €50,000 agus cáin Chorpáraíde €87,000.
- Tá dímheas le soláthar ar fhoirgnimh de réir ráta de 2% dronlíneach agus tá sé le cionroinnt 20% costais Dáilíúcháin agus 80% speansais Riaracháin. Níor tharla aon cheannacháin ná aon díolacháin foirgneamh le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí de réir 20% ar a gcostas.
- Le linn na bliana, díoladh talamh, a bhí gar d'áitreabh na cuideachta agus a chosain €80,000, ar €145,000. Ag deireadh na bliana, d'athluacháil an chuideachta a cuid Foirgneamh ar €900,000. Teastaíonn ón gcuideachta an luach sin a chorprú i gcuntas na bliana seo.
- San áireamh sna speansais Riaracháin tá fáltas de €12,000 ar ríchíosanna Paitinne.

Iarrtar ort:

- An cuntas Brabús agus Caillteanais foilsithe a ullmhú don bhliain 31/12/2004 agus Clár Comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin de réir Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuí cuntasaíochta, a léiríonn na nótaí seo a leanas:
 - Nóta polasaí cuntasaíochta do shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc.
 - Brabús oibriúcháin.
 - Ús iníoctha.
 - Díbhinní.
 - Sócmhainní seasta inláimhsithe. (84)
- Luaigh trí mhír eolais nach mór a bheith i dTuarascáil Stiúrthóirí. (9)
- Mínigh an tearma 'mír eisceachtúil' agus tabhair sampla. (7)

7. **Taifid Neamhiomlána**

Ar 1/1/2004, cheannaigh S. Ní Chonghaile gnólacht ar €195,000 a raibh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas aige: Áitreabh €162,000; Stoc €15,200; Féichiúnaithe €17,000; Árachas áitribh 3 mhí réamhíochta €860; Creidiúnaithe Trádála €18,700 agus Pá dlite €1,700.

Le linn 2004, níor choimeád S. Ní Chonghaile sraith iomlán cuntas ach bhí sí in ann an t-eolas seo a leanas a sholáthar ar 31/12/2004.

Íocaíochtaí Airgid: Lóisteálacha €96,000, Speansais Ghinearálta €23,700, Ceannacháin €53,000.

Íocaíochtaí Baine: Trealamh €22,000, Creidiúnaithe €33,100, Solas agus Teas €5,800, Ús €2,325, Préimh bhliantúil Árachas Áitribh €6,000, Ordú Seasta d'Eagraíocht Charthanach €3,200, Feithicil €26,000, Cíos aon bhliana amháin €2,400.

Lóisteálacha Baine: Féichiúnaithe €34,000, Airgead Tirim €96,000, Díbhinn €3,800.

Thóg Ní Chonghaile earraí as stoic dar luach €100 agus airgead €80 in aghaidh na seachtaine le haghaidh speansais tí i rith na bliana.

Fuair Ní Chonghaile €84,000 ar iasacht ar 1/7/2004 agus caitheadh cuid de sin chun trádastóras in aice láimhe a cheannach ar chostas €70,000. Aontaíodh go ndéanfaí an iasacht a aisíoc i 12 thráthchuid chothroma dlite ar 1^ú Meitheamh gach bliain. Bhí Ús le gearradh de réir ráta 10% per annum ar an tsuim thosaigh agus seo le haisíoc go míosúil ag deireadh gach míosa.

Bhain an figiúr do Chíos le foirgneamh in aice láimhe a dheisigh Ní Chonghaile ar 1/10/2004. Bhí sé iníochta roimh ré agus mheas Ní Chonghaile gur baineadh úsáid as $\frac{1}{3}$ den fhoirgneamh mar theach príobháideach agus go mba chóir 20% den Solas agus den Teas a úsáideadh a chur i leith an chuid phríobháideach den áitreabh.

San aireamh i sócmhainní agus i ndliteanais an ghnólachta ar 31/12/2004 bhí: Stoc €17,300 (ar a n-áirítear stoc de bhreosla téimh €300), Féichiúnaithe €18,100, Creidiúnaithe Trádála €15,500, Airgead Tirim €650, Leictreachas dlite €720.

Iarrtar ort a thaispeáint, maraon leis na hoibriúcháin:

- (a) Na Cuntais Trádála agus Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (52)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2004. (40)
- (c) Cad é an t-eolas breise a bheadh ar fáil dá mbeadh cuntais Uí Chonghaile ullmhaithe de réir chóras 'na hiontrála dúbailte'? (8)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist AMHÁIN

8. Jabhostáil

Tá trí Rannóg ag Bualadh Tta. – Próiseáil, Cóimeáil agus Bailchríoch. Baineann na costais seo a leanas le 2005.

	Iomlán €	Próiseáil €	Cóimeáil €	Bailchríoch €
Ábhair Indíreacha	250,000	120,000	70,000	60,000
Saothar Indíreach	400,000	260,000	80,000	60,000
Solas agus teas	90,000			
Cíos agus rátaí	54,000			
Cothabháil Meaisíní	24,000			
Dímheas Gléasra	60,000			
Ceaintín Monarchan	45,000			

Baineann an t-eolas seo a leanas leis na trí rannóg.

	Iomlán	Próiseáil	Cóimeáil	Bailchríoch
Achar urláir i méadair chearnacha	12,000	8,000	3,000	1,000
Toirt i méadair chiúbacha	36,000	18,000	12,000	6,000
Luacháil Gléasra ar luach de réir na leabhar	€500,000	€300,000	€120,000	€80,000
Uaireanta Meaisín	50,000	25,000	20,000	5,000
Líon na bhfostaithe	80	40	30	10
Uaireanta Saothair	120,000	60,000	45,000	15,000

Tá Jabuimhir 316 díreach críochnaithe. Is iad na sonraí:

	Ábhair Dhíreacha €	Saothar Díreach €	Uaireanta Meaisín	Uaireanta Saothair
Próiseáil	8,000	1,000	40	30
Cóimeáil	1,800	3,200	20	60
Bailchríoch	-	600	4	10

Déanann an chuideachta buiséadú le haghaidh corrlach brabúis de 25%.

Iarrtar ort:

- An forchostas atá le hionsú ag gach Rannóg a ríomh agus bunús na cionroinnte a lua go soiléir.
- Ráta ionsúite forchostais oiriúnach a ríomh do gach Rannóg.
- Praghas díola Jabuimhir 316 a ríomh.
- Ainmnigh trí ráta ionsúite forchostais agus abair cén fáth a mbunaítear rátaí ionsúite forchostais ar fhigiúirí buiséadaithe seachas ar fhigiúirí iarbhír.

(80 marc)

9. Buiséadú

Chríochnaigh Seoda Tta. réamhaisnéis díolachán bliantúil go dtí Nollaig 2006 le déanaí. Tá siad ag súil le dhá tháirge a dhíol – Airgead ar €140 agus Ór ar €170.

Tá na stoic go léir le bheith laghdaithe de 20% ó na leibhéil thosaigh faoi dheireadh 2006 agus déantar luacháil orthu de réir an mhodh FIFO.

	Airgead	Ór
Táthar ag súil le héileamh Díolachán de	8,000 aonad	3,700 aonad

Is iad na stoic d'earraí críochnaithe a bhfuil súil leo ar 1/1/2006:

Airgead	500 aonad ar €120 an ceann
Ór	400 aonad ar €140 an ceann

Úsáideann an dá tháirge na hamhábhair chéanna agus saothar oilte ach i gcainníochtaí difriúla de réir aonaid mar a leanas:

	Airgead	Ór
Ábhar 1	6 kgs	4 kgs
Ábhar 2	5 kgs	7 kgs
Saothar oilte	6 huaire	7 n-uaire

Is iad na stoic d'amhábhair a bhfuil súil leo ar 1/1/2006:

Ábhar 1	4000 kgs @ €1.80 an kg
Ábhar 2	3000 kgs @ €3.50 an kg

Is iad na praghsanna ar amhábhair a bhfuil súil leo le linn 2006 ná:

Ábhar 1	€2 per kg
Ábhar 2	€4 per kg

Is é an ráta do shaothar oilte a bhfuil súil leis ná €12 in aghaidh na huaire.

Táthar ag súil go mbeidh costais fhorchostais táirgeachta:

Athraitheach	€3 san uair ar shaothar oilte
Seasta	€145,480 per annum

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- Buiséad Táirgeachta (in aonaid).
- Buiséad do Cheannacháin Amhábhair (in aonaid agus €).
- Buiséad do Chostas Táirgeachta/Déantúsaíochta.
- Cuntas Trádála Buiséadaithe (*mas é an costas buiséadaithe ar aonad Airgid agus ar aonad Óir ná €134 agus €155 faoi seach*).
- Nóta ar na fachtóirí a chuir Seoda Tta. san áireamh chun teacht ar na díolacháin de 11,700 aonad a bhfuil coinne leo i 2006.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán